

Oireachtas Chois Fharráige 1976 – 2016

Dhá scor bliain ó shin reáchtáladh Oireachtas na Gaeilge 1976 i gceantar Chois Fharráige ón 27 Lúnasa go dtí an 4 Meán Fómhair. Is mar chomóradh air sin atá an fhéile chultúrtha Oireachtas Chois Fharráige á heagrú sa gceantar céanna ag tosnú ar an Aoine, 16 Meán Fómhair.

Taispeántas Ealaíne agus Grianghrafanna, Casla

Ag oscailt ar an Aoine, 16 Meán Fómhair ag 19.00 sa spás in aice le hOifig an Oireachtais, ar Eastát Údarás na Gaeltachta, agus ag leanacht ar aghaidh gach lá ó 11.00 go dtí 17.00 go dtí an Domhnach, 25 Meán Fómhair. Scoth na nEalaíontóirí atá ag saothrú sa nGaeltacht. Beidh an ealaín ar díol. Tá an taispeántas curtha le chéile ag Dara Mc Gee agus ag grúpa ealaíontóirí Gaeltachta le hurraíocht ó Ealaín na Gaeltachta don oscailt.

Ealaín sna Bunscoileanna

Mar chuid d'Oireachtas Chois Fharráige i gcaitheamh na seachtaine beidh ceardlanna éagsúla á gcur ar fáil do na bunscoileanna sa gceantar – Ros a' Mhíl, An Tulach, Scoil Sailearna, Scoil Mhichíl Naofa sa Spidéal agus Scoil na bhForbacha. Tosnóidh na ceardlanna ar an Luan, 19 Meán Fómhair, agus beidh ceardlann dhifriúil ann chuile lá i chuile scoil. Seo a leanas an clár: Ríonach Ní Ógáin (Damhsa nua-aimseartha); Ceara Conway (Amhránaíocht is Drámaíocht); Máirín Mhic Lochlainn (Scéalaíocht) agus Danny de Bhailís (Ealaín).

Síntiúis

Tá Oireachtas Chois Fharráige á eagrú ag grúpa deonach a tháinig le chéile faoi scáth Chumann Forbartha Chois Fharráige. Tá muid buíoch do na daoine agus do na gnóanna a thug síntiús don choiste eagraithe. Is féidir síntiús a chur chugainn i gcónaí chuig an gcisteoir, Brian Ó Cuív, f/ch. Cumann Forbatha Chois Fharráige, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Is féidir síntiús a leagan isteach chomh maith in Oifig an Chomhair Chreidmheasa ar an gCnoc nó ar an gCeathrú Rua.

Lóistín

Tá neart lóistín ar fáil i gceantar Chois Fharráige. Ar an suíomh idirlín www.coisfharráige.ie tá liosta lóistín le praghasanna agus uimhir theagmhála. Nó más fearr leat liosta a fháil uainn, cuir ríomhphost ag comoradh40@gmail.com.

Ticéid don Deireadh Seachtaine

Is féidir ticéid don deireadh seachtaine a cheannacht ar €30, a thugann saorchead isteach do na himeachtaí uilig. Má cheannaítear an ticéad roimh ré ní chosnaíonn sé ach €25. Tá siad le fáil ó Oifig an Chomhair Chreidmheasa ar an gCnoc agus ar an gCeathrú Rua, chomh maith le hOifig Chomharchumann Sailearna, Indreabhán, agus Oifig Chomhlacht Forbartha an Spidéil.

Urraithe

Tá muid buíoch do **Chomhar Creidmheas Cholmcille** a chuir urraíocht fhlaithiúil ar fáil don fhéile arís i mbliana. Tá muid buíoch chomh maith d'**Údarás na Gaeltachta** a chuir urraíocht ar fáil don seó **Éirí Amach Chois Fharráige**. Fuair an fhéile urraíocht chomh maith ó **Chomhairle Chontae na Gaillimhe**. Tá **COGG** ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas liteartha atá á fhógairt le linn na féile. **TG4** a chuir urraíocht ar fáil don oíche Damhsa ar an Sean-Nós. Is faoi scáth **Chumann Forbartha Chois Fharráige** atá an fhéile á eagrú.

www.coisfharráige.ie
comoradh40@gmail.com
Sinéad: 083-8649519



Oireachtas Chois Fharráige 16 – 25 Meán Fómhair 2016



Clár na nImeachtaí

Oireachtas Chois Fharraige

1976 - 2016

Cómóradh an Dá Scór

16 - 25 Meán Fómhair, 2016

Aoine, 16 Meán Fómhair

19.00 **Taispeántas Ealaíne** in Oifig Oireachtas na Gaeilge, Eastát Tionsclaíoch, Casla. Urraithe ag Ealaín na Gaeltachta mar chuid den Oíche Chultúir.

18.30 – 20.00 **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** ag casadh ceoil in áiteacha poiblí éagsúla ar fud Cois Fharraige.

Satharn agus Domhnach, 17/18 Meán Fómhair

20.00 **Eirí Amach Chois Fharraige**. Seó ilmheánach, scríofa ag **Joe Steve Ó Neachtain**, i Seanscoil Sailearna le comóradh a dhéanamh ar bhunú Chumann Forbartha Chois Fharraige leathchéad bliain ó shin, agus ar an mbaint a bhí ag Cois Fharraige le hÉirí Amach na Cásca 1916. Urraithe ag Údarás na Gaeltachta. €10



Domhnach, 18 Meán Fómhair

17.30 **Seisiún Ceoil** sa Droighneán Donn, An Spidéal.

Luan, 19 Meán Fómhair

14.00 **Comórtas Liteartha na Scoileanna**. Seolfaidh Dónall Ó hAinifín, Cathaoirleach COGG, comórtas mór liteartha do scoileanna an cheantair atá urraithe ag COGG, i Seanscoil Sailearna.

Déardaoin, 22 Meán Fómhair

19.00 I dTigh Chualáin, An Choill Rua. Plaic á nochtadh ag an Aire Stáit Seán Kyne, ag comóradh an chéad uair ar tugadh aitheantas poiblí don **Damhsa ar an Sean-Nós** ag Oireachtas na Gaeilge 1976. Ina dhiaidh seolfaidh an tAire Oireachtas Chois Fharraige 2016.

20.30 **Taispeántas Damhsa ar an Sean Nós** i dTigh Chualáin á chur i láthair ag Máirtín Jamsie Ó Flaithearta. Páirteach ann beidh damhsóirí a chroch leo Corn TG4 ag comórtas Steip (Oireachtas na Gaeilge) le 15 bliana anuas. [Urraithe ag TG4.]

22.00 **Oíche Oscailte Ceoil is Amhránaíochta**, Tigh Pheadair Mhóir ar an mBántráinn, Baile na hAbhann.

Aoine, 23 Meán Fómhair

18.00 **Ceolchoirm na nÓg**. Amhránaíocht, ceol agus damhsa ó cheoltóirí óga Chois Fharraige i Scoil Éinne, An Spidéal.

20.00 **Caithréim**. Seó ceolmhar á chur i láthair ag Síle Denvir i Seanscoil Sailearna agus ina dhiaidh **Mac Piarais i bPictiúr** á chur ar stáitse ag Fíbin. €10

22.00 **Ann Marie agus Máirtín Joe** sa bPoitín Stil.

22.30 **Club na Féile** le seisiún ceoil Tigh Mholly.



Mac Piarais i bPictiúr

Satharn, 24 Meán Fómhair

11.00 **'Amhránaíocht ar an Sean Nós'** (Seiminéar). Aoichainteoirí: Róisín Nic Dhonncha, Lillis Ó Laoghaire agus Ciarán Ó Gealbháin le Caitlín Ní Chualáin ina cathaoirleach. Taispeánfar 'Aisling Geal', clár faoin Sean Nós a rinne Bob Quinn do RTÉ.

11.00 **Maidin Caifé** sa gCrúiscín Lán le ciorcal comhra idir Club na bhFoghlaimoirí, An Spidéal, agus tuismitheoirí ó Na Gaeil Óga, Baile Átha Cliath.

15.00 **Taispeántas Cócaireachta** i gColáiste Cholmille le Máire Ní Chéidigh agus Mairtín Jamsí Ó Flaithearta i mbun cócaireachta.

20.00 **Coirm Cheoil Mhór an Oireachtais**. Scoth na gCeoltóirí, na nDamhsóirí is na bhFonnadóirí chomh maith le Cór Fear na nDéise agus Cór Chois Fharraige. Á craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta, curtha i láthair ag Seán Bán Breathnach. Iarrtar ar dhaoine a bheith ann 15 nóiméad roimhré. €10

22.30 **Club na Féile** in Óstán na Páirce, An Spidéal, le seisiún breá amhránaíochta is ceoil.

Domhnach, 25 Meán Fómhair

11.00 Aifreann an Oireachtais i gCill Éinde, An Spidéal, le Cór Fear na nDéise ag canadh ann.

15.00 **Seisiún Amhrán Nuachumtha**, Tigh Giblin, le Gearóid Ó Murchú agus Tadhg Mag Dhonnagáin.

17.30 **Seisiún Ceoil** sa Droighneán Donn, An Spidéal.

18.00 **Éigse Chois Fharraige**. Filíocht, lúibíní, agallaimh bheirte agus sceitseanna. Tigh Mholly, Indreabhán.

20.30 **Boicíní Bhóthar Kilburn**. Dráma á chur ar stáitse ag Aisteoirí an Spidéil á léiriú ag Peadar Ó Treasaigh. Cead Isteach: €10

21.30 **Clabhsúr na Féile** sa bPoitín Stil, Indreabhán, le ceol ó Mharcas Ó hIarnáin is a chlann ó Charna.



Boicíní Bhóthar Kilburn